**Dearbhú ag Éirinn de bhun Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta don bhliain tagartha dar críoch an 31 Nollaig 2022.**

## I. DEARBHUITHE DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1(L) DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 883/2004 AGUS AN DÁTA ÓNA MBEIDH FEIDHM AG AN RIALACHÁN

Ceann ar bith

## II. AN REACHTAÍOCHT AGUS NA SCÉIMEANNA DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3 DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 883/2004 AGUS AN DÁTA ÓNA MBEIDH FEIDHM AG AN RIALACHÁN

### 1. Sochair breoiteachta

(i) Sochair comhchineáil

An tAcht Sláinte, 1947 (Uimh. 28 de 1947) (arna leasú) [Sochair Breoiteachta Comhchineáil]

Is é an dáta a chuirtear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i bhfeidhm ar an Acht Sláinte, 1947 (arna leasú), sa mhéid go bhfuil sé cuimsithe faoi scóip an Rialacháin, **an 1 Bealtaine 2010**. Is é seo an dáta freisin óna mbeidh feidhm ag an Rialachán in Éirinn.

Caibidil 22 de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochar Cóireála]

Is é an dáta a chuirtear an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 i bhfeidhm an 1 Nollaig 2005 agus is é an dáta a chuirtear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i bhfeidhm ar an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (arna leasú), sa mhéid go bhfuil sé cuimsithe faoi scóip an Rialacháin, **an 1 Bealtaine 2010,** seachas nuair a luaitear a mhalairt. Is é seo an dáta freisin óna mbeidh feidhm ag an Rialachán in Éirinn.

(ii) Sochair in airgead tirim

Caibidil 8 de Chuid 2 agus den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochar Breoiteachta]

Caibidil 10 de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochar Sláinte agus Sábháilteachta]

Caibidil 14 de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochar Cúramóra]

### 2. Sochair máithreachais agus sochair chomhionanna atharthachta

(i) Sochair comhchineáil

An tAcht Sláinte, 1947 (Uimh. 28 de 1947) (arna leasú) [Sochair Máithreachais Comhchineáil]

(ii) Sochair in airgead tirim

Caibidil 9 de Chuid 2 agus den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochar Máithreachais]

Caibidil 11 de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochar Uchtaíoch]

Caibidil 5 den Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016 (Uimh. 11 de 2016) lena n-iontráiltear Caibidil 11A i gCuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochar Atharthachta]

Is é an dáta a chuirtear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i bhfeidhm ar Chaibidil 11A de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (arna leasú) **an 1 Meán Fómhair 2016**.

## 3. Sochair easláine

(i) Sochair comhchineáil

An tAcht Sláinte, 1947 (Uimh. 28 de 1947) (arna leasú) [Sochair Easláine Comhchineáil]

(ii) Sochair in airgead tirim

Alt 12 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010 (Uimh. 37 de 2010) lena n-iontráiltear Caibidil 8A i gCuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochar Cumais Pháirtigh]

Is é an dáta a chuirtear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i bhfeidhm ar Chaibidil 8A i gCuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (arna leasú) **an 13 Feabhra 2012**.

Caibidil 17 de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Pinsean Easláine]

Déanann Alt 12 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2016 (Uimh. 15 de 2016) lena leasaítear Alt 21(1)(e) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) Pinsean Easláine a chur ar fáil do ranníocóirí féinfhostaithe chomh maith.

Is é an dáta a chuirtear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i bhfeidhm ar Alt 21(1)(e) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (arna leasú) **an 1 Nollaig 2017**.

**4. Sochair seanaoise**

(i) Sochair comhchineáil

Ceann ar bith

(ii) Sochair in airgead tirim

Caibidil 15 de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Pinsean Stáit (Ranníocach)]

**5. Sochair marthanóra**

(i) Sochair comhchineáil

Ceann ar bith

(ii) Sochair in airgead tirim

Caibidil 18 de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)]

Caibidil 19 de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)]

**6. Sochair maidir le timpistí ag an obair agus galair cheirde**

(i) Sochair comhchineáil

An tAcht Sláinte, 1947 (Uimh. 28 de 1947) (arna leasú) [Sochair comhchineáil do thimpistí ag an obair agus galair cheirde]

(ii) Sochair in airgead tirim

Caibidil 13 de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochair Díobhálacha Ceirde]

**7. Deontais báis**

Sochair in airgead tirim

Caibidil 21 de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Deontas Baintrí/Baintreach Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh]

**8. Sochair dífhostaíochta**

(i) Sochair comhchineáil

Ceann ar bith

(ii) Sochair in airgead tirim

Caibidil 12 de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochar Cuardaitheora Poist]

Cuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2019 (Uimh. 34 de 2019) lena n-iontráiltear Caibidil 12A de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochar Cuardaitheora Poist (Féinfhostaithe)]

Is é an dáta a chuirtear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i bhfeidhm ar Chaibidil 12A de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (arna leasú) **an 1 Samhain 2019**.

**9. Sochair réamhscoir**

Sochair in airgead tirim

Ceann ar bith

**10. Sochair teaghlaigh**

(i) Sochair comhchineáil

Ceann ar bith

(ii) Sochair in airgead tirim

Ailt 168 go 171 de Chaibidil 6 de Chuid 3 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)]

Caibidil 7 de Chuid 3 agus den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora]

Alt 15 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008 (Uimh. 2 de 2008) lena n-iontráiltear Caibidil 8A i gCuid 3 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Liúntas Cúraim Baile]

Alt 29 den Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2019 (Uimh. 35 de 2019) lena n-iontráiltear Caibidil 11B i gCuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochar Atharthachta]

Is é an dáta a chuirtear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i bhfeidhm ar Chaibidil 11B de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (arna leasú) **an 1 Samhain 2019**.

Cuid 4 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Sochar Linbh]

Cuid 6 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Íocaíocht Teaghlaigh Oibre]

Alt 8 den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015 (Uimh. 12 de 2015) lena n-iontráiltear Cuid 7A san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair]

Is é an dáta a chuirtear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i bhfeidhm ar Chuid 7A san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (arna leasú) **an 5 Eanáir 2015**.

**11. Sochair speisialta neamh-ranníocach airgid thirim**

a) Sochair speisialta neamh-ranníocacha airgid thirim atá in ainm is íosleibhéal de chothú a sholáthar de bhun Airteagal 70(2)(a)(i) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004

Sochair in airgead tirim

Caibidil 2 de Chuid 3 agus den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Liúntas Cuardaitheora Poist]

Caibidil 4 de Chuid 3 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)]

Caibidil 5 de Chuid 3 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Pinsean na nDall]

Caibidil 6 de Chuid 3 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)]

Caibidil 10 de Chuid 3 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú) [Liúntas Míchumais]

b) Sochair speisialta neamh-ranníocacha airgid thirim atá in ainm is íosleibhéal de chothú a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus tagairt á déanamh don timpeallacht shóisialta de bhun Airteagal 70(2)(a)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004

Sochair in airgead tirim

Alt 61 den Acht Sláinte, 1970 (Uimh. 1 de 1970) (arna leasú) [Liúntas Luaineachta]
Is é an dáta a chuirtear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i bhfeidhm ar an Acht Sláinte, 1970 (arna leasú), sa mhéid go bhfuil sé cuimsithe faoi scóip an Rialacháin, **an 1 Bealtaine 2010**. Dúnadh an scéim seo d'iarratasóirí nua ó mhí Feabhra 2013 ar aghaidh. Leanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le híocaíochtaí a dhéanamh le faighteoirí reatha an Liúntais Luaineachta ar feadh tréimhse bhreise ar feitheamh go déanfar cinntí faoi scéim reachtúil nua.

## III. COINBHINSIÚIN INAR IONTRÁLADH FAOI MAR A DTAGRAÍTEAR DÓIBH IN AIRTEAGAL 8(2) DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 883/2004 AGUS AN DÁTA ÓNA MBEIDH FEIDHM AG AN RIALACHÁN

Chomhaontaigh Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le Coinbhinsiún maidir le Slándáil Shóisialach, faoi shocruithe Chomhlimistéar Taistil na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe.

Bronnadh éifeacht ar an gCoinbhinsiún i i ndlí na hÉireann ag 11.00pm an 31 Nollaig 2020 de bhua (I.R. Uimh. 746 de 2020) an tOrdú Leasa Shóisialaigh (an Coinbhinsiún maidir le Slándáil Shóisialach idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann), 2020, arb é sin an t-am agus an dáta a cuireadh deireadh leis an tréimhse aistrithe tar éis gur aistarraing an Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach.

## IV. SOCHAIR ÍOSTA DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 58 DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 883/2004 AGUS AN DÁTA ÓNA MBEIDH FEIDHM AG AN RIALACHÁN

Ceann ar bith

## V. AN FHÉIDEARTHACHT GO GCUIMSEOFAR AON CHATAGÓIR DE DHAOINE FÉINFHOSTAITHE AG CÓRAS SOCHAR DÍFHOSTAÍOCHTA (AIRTEAGAL 65A(1) DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 883/2004) AGUS TAGAIRT DON REACHTAÍOCHT, SA CHÁS GURB INFHEIDHME

Foráiltear i reachtaíocht na hÉireann don fhéidearthacht go gcumhdófar daoine féinfhostaithe ag an gcóras sochair dífhostaíochta.

Tugadh Sochar Cuardaitheora Poist (Féinfhostaithe) isteach le héifeacht ón **1 Samhain 2019** ag Caibidil 12A de Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005) (arna leasú)